Brexit

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thuairimí daoine faoin reifreann *Brexit*. Sula bhféachann tú ar an mír, déan ransú intinne leis an duine in aice leat ar cad is brí le *Brexit*, dar libh.

Ceist 2 Cad is brí leis na focail agus na frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír?

1. ábhar díospóireachta
2. comhdháil
3. teachtaireacht
4. tionchar
5. impleachtaí tromchúiseacha
6. cearta oibre
7. Comhaontú Aoine an Chéasta
8. easpa caidrimh
9. go loitfeadh
10. i mbaol
11. dul chun cinn
12. ar tí

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí leis an teagascóir iad.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cé a d'eagraigh an chomhdháil i gCorcaigh agus cén fáth ar reáchtáladh í?

2. Cad a bhí le rá ag an mbeirt chainteoirí?

   <u>Cainteoir 1</u>

   <u>Cainteoir 2</u>

3. Cé hé Dominick Chilcott agus cad a dúirt sé faoi reifreann *Brexit*?

Ceist 4 '…dul chun cinn…'

Tá a lán nathanna cainte sa Ghaeilge a bhfuil an briathar 'dul' (téigh) iontu.

An féidir leat féin agus leis an duine in aice leat na nathanna sa dá cholún thíos a cheangal le chéile?

1	Dul thar fóir	a	Dul chun cónaí i dtír eile
2	Dul chun olcais	b	Dul ar strae
3	Dul faoi scian	c	Gan aon teorainn le a bheith le rud
4	Dul thar cuimse le	d	An iomarca a dhéanamh
5	Dul amú	e	Obráid a bheith agat
6	Dul ar imirce	f	Éirí níos measa

Anois déanaigí iarracht na nathanna sa chéad cholún a chur in abairtí lena mbrí a léiriú.

Ceist 5 '…**i measc** na n-aíonna…'

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló trom thuas?
2. Cén tuiseal ina bhfuil na focail a bhfuil líne fúthu thuas agus cén fáth a bhfuil siad sa tuiseal sin?
3. Cuir na cinn seo thíos in abairtí lena mbrí a léiriú.

   - ar fud
   - ar son
   - de réir
   - le linn
   - in éadan
   - i gcoinne

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An gceapann tú féin go mbeadh drochthionchar ag imeacht na Breataine ón Aontas Eorpach (AE) ar an tír seo?

2. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le hÉirinn a bheith san Aontas Eorpach, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2
1. ábhar díospóireachta – *discussion subject*
2. comhdháil – *conference*
3. teachtaireacht – *message*
4. tionchar – *influence*
5. impleachtaí tromchúiseacha – *serious implications*
6. cearta oibre – *working rights*
7. Comhaontú Aoine an Chéasta – *The Good Friday Agreement*
8. easpa caidrimh – *lack of a relationship*
9. go loitfeadh – *would damage*
10. i mbaol – *in danger*
11. dul chun cinn – *progress*
12. ar tí – *about to*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
1d, 2f, 3e, 4c, 5b, 6a

Ceist 5
1. Réamhfhocal comhshuite atá ann.
2. Má leanann ainmfhocal réamhfhocal comhshuite cuirtear sa tuiseal ginideach é. Mar shampla: *seachtain → ar feadh seachtaine; an teach → ar chúl an tí; na gadaithe → ar lorg na ngadaithe*
3. Cuir na cinn seo thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:
   ar fud – *throughout*
   ar son – *for* / *on behalf of*
   de réir – *according to*
   le linn – *during*
   in éadan – *opposed to*
   i gcoinne – *against*

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Reifreann *Brexit* na Breataine an t-ábhar díospóireachta a bhí ag comhdháil i gColáiste na hOllscoile i gCorcaigh inniu. Bhí Ambasadóir na Breataine, Dominick Chilcott, i measc na n-aíonnaí[1] a bhí i láthair agus bhí teachtaireacht aige do mhuintir na hÉireann maidir leis an reifreann.

Grett O'Connor
Gluaiseacht Eorpach na hÉireann a reáchtáil comhdháil an lae inniu, mar chuid dá feachtas chun aird a tharraingt ar an dtionchar[2] a bheidh ag reifreann na Breataine, imeacht nó fanacht san Aontas Eorpach. Bhí cainteoirí den dtuairim[2] go mbeadh impleachtaí tromchúiseacha i gceist don dtír[2] seo.

Cainteoir 1
Tá cúrsaí eacnamaíochta ann, tá cúrsaí cearta oibre ann agus tá cúrsaí gan dabht do[3] Chomhaontú Aoine an Chéasta. Agus ceann de na lárphointí díobhsan a mbeidh mé ag cur in iúl inniu is dócha ná an easpa treorach[4] agus an easpa caidrimh atá idir an rialtas anseo maidir leis an scéal ar fad. Táimidne chun a bheith curtha isteach mar gheall air seo pé slí a[5] dtarlaíonn sé.

Cainteoir 2
Is é an pointe atá á dhéanamh againn ná go loitfeadh Brexit an tAontas[6] i gcoitinne. Cuirfidh sé isteach go mór ar an Aontas féin mar beidh a lán polaiteoirí agus a lán páirtithe trasna na hEorpa ag féachaint ar cad a tharla sa Bhreatain agus beidh siad ag rá gur cheart an reifreann a bheith acu féin.

Grett O'Connor
Dúirt Ambasadóir na Breataine, Dominick Chilcott, go mbeadh an caidreamh láidir tráchtála idir an tír seo agus an Bhreatain i mbaol go mór dá bhfágfadh an Bhreatain an tAontas Eorpach. Leis an dul chun cinn ollmhór a bhí déanta sa chaidreamh polaitiúil idir an dá thír, dúirt sé go mba thrua go mór é dá mbeadh bearna nua eatarthu arís anois. Tá Gluaiseacht Eorpach na hÉireann ag iarraidh orainne sa tír seo a bheith gníomhach sa bhfeachtas[7] reifrinn atá díreach ar tí tosnú[8] sa Bhreatain. Ba mhaith leo go rachaimis i dteangmháil[9] lenár ngaolta agus lenár gcairde thall, ag iarraidh orthu clárú chun vóta a chaitheamh agus ansin an vóta sin a úsáid chun ár gcomharsa mhór a choimeád san Aontas Eorpach inár dteannta.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

[1] *i measc na n-aíonna* an leagan caighdeánach
[2] Córas na Mumhan
[3] *don* a deirtear
[4] *easpa treoir* a deirtear
[5] *go dtarlaíonn* a deirtear
[6] *an Aontas* a deirtear
[7] Foirm sa tuiseal tabharthach a bhaineann le canúintí áirithe i gCúige Mumhan
[8] *tosú* an leagan caighdeánach
[9] *i dteagmháil* an leagan caighdeánach